

daa plc Bealtaine 2016

Cúlra:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Intreoir

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Scéim Teanga Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath. Faoi hAcht na dTeangacha Oifigiúla, tá sé de dhualgas ar an Údarás seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil do phaisinéirí agus do dhaoine eile a dhéanann teagmháil leis an aerfort. Ba chóir go mbeadh an rogha ag daoine a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge gan deacracht nó chonstaic os a gcomhair mar gheall ar a rogha teanga.

Déantar anseo roinnt moltaí maidir leis an scéim nua.

1. Comharthaíocht
2. Oifigh
3. Suíomh Idirlín
4. Na meáin sóisialta
5. Bileoga Eolais agus Eile
6. Foireann
 - a. Aitheantas
 - b. Oiliúint
 - c. Earcaíocht
 - d. Láthair Oibre
7. Córas Teagmhála
 - a. Ríomhphost
 - b. Córas Gutháin
 - c. Comhfhreagras

Moltaí

1. Comharthaíocht

Tá moladh tuillte ag an Údarás mar gheall ar fheiceálacht na Gaeilge ar chomharthaíocht fud fad an aerfoirt. Tá an stíl atá in úsáid le moladh agus tá sé go maith fosta go bhfuil an cur chuige seo in úsáid go leanúnach san aerfort.

Sin ráite, ní féidir úsáid a bhaint as Google Translate le comharthaíocht Ghaeilge a aistriú. Is iomaí sampla atá ann don droch-chomharthaíocht a chruthaítear mar gheall ar an chóras seo a úsáid agus níl aon leithscéal ann é seo a úsáid nuair is féidir seirbhís aistriúcháin cruinn a fháil. Tá sé maslach do phobal na Gaeilge go mothaíonn Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath go bhfuil sé inghlactha droch-Ghaeilge gan bhrí a chur in airde fud fad na haerfoirt.

Ar an sampla sa phictiúir ó dheas, tá an leagan amach go maith, tá an Ghaeilge ar an mhéid agus ar an stíl ceánna leis an Bhéarla agus ar bharr an fhoclaíocht Bhéarla. Áfach, níl ciall ar bith leis an abairt atá scríofa. Is mór an trua é seo agus is gá athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an chomharthaíocht san aerfort le cinntiú go bhfuil gach rud cruinn agus ceart.



2. Oifigí:

Ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheadh ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí atá ar fáil i mBéarla.

3. Suíomh Idirlín

Ba chóir go mbeadh suíomh idirlín na Aerfoirt dátheangach le léiriú do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta go bhfuil fáilte roimh an Ghaeilge agus gur féidir leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge más sin an rogha atá acu.

Seo a leanas roinnt moltaí maidir le suíomh dátheangach éifeachtach a chur ar fáil:

- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.
- Leagan Gaeilge a bheith ann do gach leathanach agus do shuíomhanna na rannán ar fad.
- Gach eolais a bheith ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Ba chóir go mbeadh sé comh furasata ceánna eolas a fháil ón Údarás nó teagmháil a dhéanamh leis an Údarás trí mheán na Gaeilge agus atá sé sin á dhéanamh trí Bhéarla.
- Dhá ainm fearainn a úsáid, mar shampla www.daa.ie agus www.uabac.ie le léiriú go bhfuil an Ghaeilge ar chomhchéim leis an Bhéarla. Is féidir iad a nascadh le chéile chuig aon suíomh amháin.
- Na foirmeacha a cuirtear ar fáil sa choláiste a bheith ar fáil ar an suíomh go dátheangach

4. Na Meáin Sóisialta

Cosúil leis an tsuíomh, ba chóir go bhfuil gach rud atá á fhoilsiú ar na meáin sóisialta déanta trí Ghaeilge nó go dátheangach. Clúdaíonn sé seo Twitter, Facebook, Youtube srl. Ba chóir go mbeadh daoine ábalta teagmháil a dhéanamh leis an Údarás tríd na meáin shóisialta as Gaeilge, ar chomhchéim leis an Bhéarla.

5. Bileoga Eolais agus Eile

Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca le hÚdarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath. Ba chóir gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil trí na meáin chlóite, an raidió, an teilifís agus na meáin leictreonacha. Ba chóir go bhfuil an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla. Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).

6. Foireann

a. Seirbhís Custaiméara

Tá sé tábhachtach go dtuigeann an fhoireann an tábhacht a bhaineann le bheith ábalta plé le agus seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí san aerfort go dátheangach, agus go bhfaigheann siad ar fad an oiliúint chuí chun a chinntiú go bhfreastalaítear go héifeachtach agus go proifisiúnta le daoine atá ar lorg seirbhís trí Ghaeilge. Molaimid treoirleabhar foirne a chur ar fáil do gach ball foirne faoi chearta custaiméirí seirbhísí Gaeilge a lorg agus conas déileáil leo ar bhealach éifeachtach agus proifisiúnta.

b. Aitheantas

Go gcuirfí eolas ar fáil don phobal faoin fhoireann atá ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill foirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.

Go gcuirfear feachtais agus seimineáir eolais ar bun chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad, mar shampla trí chúrsaí feasacht teanga Chonradh na Gaeilge.

c. Oiliúint

Maidir le cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán, molaimid cúrsaí Gaeilge atá curtha in oiriúint do shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) de chuid Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Ba chóir don choláiste an fhoireann a spreagadh chun scrúduithe de chuid TEG a dhéanamh chun cáilíocht Eorpach aitheanta a bhaint amach sa Ghaeilge.

d. Earcaíocht

Go gcuirfí cumas Gaeilge san áireamh agus foireann á hearcú feasta.

e. Láthair Oibre

Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil go soiléir sa aerfort mar áit oibre, ar chomhchéim le feiceálacht an Bhéarla. Ní amháin go bhfuil sé de cheart ag daoine an Ghaeilge a úsáid le linn a dteagmháil leis an aerfort, ach ba chóir go bhfuil an ceart seo ar fáil do bhaill foirne fosta. Ar a bharr seo, leis na moltaí faoi hoiliúint a láidriú, ba chóir go spreagtar baill foirne leis an Ghaeilge a úsáid.

7. Córas Teagmhála

a. Ríomhphost:

Ba chóir a chinntiú go mbíonn seirbhís ríomhphoist ar fáil i nGaeilge mar chuid den ghnáth-chomhfhreagras agus freisin go mbeadh leagan dátheangach ar fáil d'aon teachtaireacht uathoibríoch a mbainfear úsáid aisti mar chuid den chóras. Ba chóir go mbeadh an seoladh ríomhphost i nGaeilge agus i mBéarla. Mar shampla, d'fhéadfaí eolas@uabac.ie agus info@daa.ie a úsáid. Is féidir na seoltaí a cheangal agus beidh an dá leagan in ann teacht isteach ag an seoladh amháin.

Tá sé tábhachtach nach gcuirtear moill ar ghnó an tsaoránaigh má dhéanann sé/sí a g(h)nó as Gaeilge.

b. Córas Gutháin:

Tá an-tábhacht leis an chóras gutháin mar gurb é seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach leis an Údarás. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an té atá

ag gaoch go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge agus go gcuirfí seirbhís éifeachtach ar fáil trí Ghaeilge.

Caithfidh córas a bheith ann chun plé le fiosrúcháin ghutháin i nGaeilge chun a chinntiú go mbeidh seirbhís ar fáil láithreach don té a chuireann gaoch ar aon uimhir ghutháin de chuid an Údaráis. D'fhéadfaí leas a bhaint as uimhir ghutháin faoi leith i gcás fiosrúcháin Gaeilge mar shampla.

Ba chóir a chinntiú:

- Go dtabharfaí an leagan Gaeilge den ainm nuair a fhreagraítear an guthán.

Mar shampla :

'Dia dhuit, an féidir liom cabhrú leat?'

- Go mbeadh sé ar chumas an té atá ag freagairt an ghutháin plé le fiosruithe i nGaeilge agus na gaochanna a sheoladh ar aghaidh chuig an mball foirne cuí.
- Más córas uathoibríoch atá in úsáid go mbeadh sé seo ar fáil go dátheangach agus nach mbeadh sé socraithe ar bhealach a mbeadh teachtaireacht i mBéarla ar dtús agus gur gá fanacht go dtí an deireadh ar fad don teachtaireacht Ghaeilge.
- I gcás córas uathoibríoch is féidir tús a chur leis an teachtaireacht mar seo a leanas:

'Dia dhuit. Brú a haon má tá seirbhís Ghaeilge uait, nó, press two for this service in English''.

Tá sé fíorthábhachtach go leanfaí leis an dá leagan den tseirbhís. Is gá go mbeidh gach oibríteoir inniúil ar a c(h)uid oibre a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla. Is gá go mbeidh gach fógairt thaifeadta agus gach fógairt chaighdeánach, cibé acu beo nó taifeadta, ar chóras gutháin na Roinne i nGaeilge nó dátheangach.

c. Comhfhreagras

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh. Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an Údarás, litreacha, ríomhphoist, gutháin srl.

Go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil.